

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta Cleachtas Maidir le Soláthar

Tá dualgas ar COGG í féin a shásamh go bhfuiltear ag cloí leis na forálacha a bhaineann le soláthar poiblí agus leis na tairseacha i leith luach reatha i dtaca le feidhmiú rialacha an Aontais Eorpaigh agus na rialacha náisiúnta um sholáthar.

Is é gnáthchleachtas COGG próiseas iomaíoch tairiscintí a leanúint nuair atáthar ag ceannach seirbhíse nó soláthairtí i gcomhréir le treoracha reatha na Roinne Airgeadais (*Public Procurement Guidelines – Competitive Process*) agus leis na treoracha agus leis na ciorcláin a eisiúnn an Roinn ó thráth go céile (www.etenders.gov.ie). Tá cóip de na treoirlínte reatha sa chomhad seo.

Tairseacha Luacha

Is é seo a leanas cleachtas na hOifige san am i láthair ó thaobh na dtairseach luacha:

Suim nach mó ná €5,000: Ní mór don phróiseas a bheith údaraithe ag oifigeach ag grád nach ísle ná Ardoifigeach Feidhmiúcháin.

Is féidir tairiscint amháin nó níos mó a lorg ar ríomhphost. Lorgáitear 3 thairiscint scríofa ar a laghad, áfach, i ngach cás go bhfuil sé sin infheidhmithe.

Idir €5001 agus €24,999: Ní mór don phróiseas a bheith údaraithe ag oifigeach ag grád nach ísle ná Príomhfheidhmeannach.

Lorgáitear 3 thairiscint scríofa ar a laghad ó sholáthraithe na seirbhíse.

€25,000 nó níos mó: Ní mór don phróiseas a bheith údaraithe ag oifigeach ag grád nach ísle ná Príomhoifigeach.

Fógraítear an conradh ar an suíomh gréasáin www.etenders.gov.ie¹

Próiseas Roghnaithe

Déanann, ar a laghad, beirt oifigeach tairiscintí a mheas i gcoinne critéar réamhshocraithe ar bhonn chóras scórála agus roghnaítear an tairiscint is oiriúnaí agus is buntáistí go heacnamaíoch.

Coinnítear taifid scríofa den phróiseas roghnaithe agus den chinneadh a rinneadh. Agus oifigh á roghnú chun an roghnú a dhéanamh féachtar chuige nach bhfuil aon leas ábhartha acu, chun críche na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí, a d'fháadfadh tionchar a imirt orthu ar an oifigeach agus an fheidhm á comhlíonadh.

Toradh an Phróisis Roghnaithe

Cuirtear toradh an phróisis roghnaithe in iúl do gach páirtí a rinne tairiscint a luaithe agus atá an próiseas sin tugtha chun críche.

I gcás conarthaí faoi luach €25,000, cuirtear in iúl do lucht na dtairiscintí nár éirigh leo agus cuirtear in iúl don fhorthairgeoir gur féidir leo teagmháil a dhéanamh leis an

¹ I gcomhréir le Ciorclán S9/24/07.

Oifig chun aiseolas a fháil agus pléitear leo cé mar éirigh leis a dtairiscint i dtéarmaí na gcritéar a bhí leagtha síos don chomórtas. Is féidir an t-aiseolas seo a thabhairt trí ghlaoch gutháin ach céannacht an fhorthairgeora a bheith deimhnithe go sásúil.

I gcás conarthaí sa bhreis ar €25,000 cuirtear aiseolas chuig lucht na dtairiscintí nár éirigh leo i scríbhinn i gcomhréir le halt 8.3 (agus Aguisín IV) de na treoirilinte thuasluaite.

Leathnú Feidhme Conartha

Sa chás go bhfuil seirbhís á cur ar fáil ag soláthraí faoi théarmaí conartha reatha agus go gcinntear go bhfuil sé riachtanach réimse na seirbhíse sin a leathnú chun freastal ar riachtanais bhreise a tháinig chun solais i ndiaidh don chonradh a bheith bronnta air, is féidir glacadh le tairiscint ón soláthraí sin, gan dul i mbun próiseas iomaíocht tairisceana, chomh fada agus atá costas na seirbhíse breise níos lú ná 50% de luach iomlán an bhunchonartha a bronnadh.

Creat an Pholasaí Náisiúnta ar Sholáthar Poiblí Cód Caiteachas Poiblí

Cuireann an Oifig um Sholáthar Rialtais seirbhís láraithe soláthair ar fáil do Rannáí Stáit agus Eagraíochtaí. <https://ogp.gov.ie/ga/> Is é beartas COGG na nósanna imeachta soláthar poiblí leagtha amach Creat an Pholasaí Náisiúnta ar Sholáthar Poiblí a leanúint. Is é beartas COGG lánúsáid a bhaint as na seirbhísí agus na soláthairtí a thagann faoi na conarthaí atá bronnta ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair i ngach cás gur féidir é. Ciorclán 16/2013

Caiteachas ar Thograí, Chórais agus Geilleagair Teicneolaíocht Faisnéise

Iarrtar cead na Roinne Caiteachas Phoiblí & Athchóirithe (DGOU@per.gov.ie i gcás aon togra atá beartaithe a thagann faoi Chiorclán 2/2016 (“Arrangements for Digital and ICT-related Expenditure in the Civil and Public Service”) Déantar an t-iarratas sin i gcomhréir le treoracha agus coinníollacha an chiorcláin sin.

Deimhniú Imréitigh Cánach

Nuair atá iarratais ar thairiscintí do chonradh seirbhíse a lorg ag an Oifig seo, leagtar síos mar choinníoll nach nglacfar le haon tairiscint mura mbíonn deimhniú imréitigh cánach reatha ag an gcomhlacht nó an páirtí atá á déanamh.

Cáin Iarchoimeáda ar Sheirbhísí Gairmiúla

Coinnítear luach 20% de tháillí ar sheirbhísí gairmiúla a íoctar faoi chonradh (gan CBL san áireamh) agus íoctar an tsuim sin leis na Coimisinéirí Ioncaim. Déantar tuairisciú leictreonach ar bhonn míosa ar shuíomh gréasáin ROS Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (<http://www.revenue.ie/en/online/ros/index.html>) agus íoctar an cháin chuí má íocadh aon táille ar sheirbhís ghairmiúil le linn na míosa a bhfuiltear ag déanamh tuairisce uirthi.